Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0361(COD)**

**14124/20**
**ADD 3**

**COMPET 641**
**MI 576**
**JAI 1116**
**TELECOM 268**
**CT 119**
**PI 92**
**AUDIO 65**
**CONSOM 222**
**CODEC 1404**
**IA 126**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2020) 349 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2020) 349 final.

---

Faoi iamh: SWD(2020) 349 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2020
SWD(2020) 349 final

**An Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha**

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE**

{COM(2020) 825 final} - {SEC(2020) 432 final} - {SWD(2020) 348 final}

GA GA

| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin** |
|---|
| Measúnú tionchair ar an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Tá athrú ó bhonn curtha ag seirbhísí digiteacha ar gheilleagar agus ar shochaí an Aontais Eorpaigh le scór bliain anuas, go háirithe ó tháinig ardáin ar líne chun cinn. Forbraítear an mheastóireacht a rinneadh ar an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil ó 2000 leis an tionscnamh seo. Léirítear sa mheastóireacht atá i gceangal leis an Treoir go bhfuil a croíphrionsabail fós bailí, ach is gá roinnt dá rialacha sonracha a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise na ndúshlán ar leith atá ag teacht chun cinn maidir le hidirghabhálaithe ar líne agus ardáin ar líne go háirithe. In aghaidh an chúlra seo, déantar anailís sa tuarascáil ar an measúnú tionchair ar thrí chroífhadhb agus a spreagthóirí.<br>**Ar an gcéad dul síos**, tá méadú ag teacht ar na rioscaí agus ábhair díobhála do saoránaigh ar líne – orthu sin tá scaipeadh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, agus rioscaí dá gcearta bunúsacha agus díobhálacha eile de chuid na sochaí. Tá na saincheisteanna seo forleathan ar fud an éiceachórais ar líne, ach bíonn an tionchar is mó acu i gcás ina mbíonn ardáin an-mhór ar líne i gceist, mar gheall ar an líon daoine a bhfuil rochtain acu orthu.<br>**Ar an dara dul síos**, tá maoirseacht ar ardáin ar líne neamhchomhordaithe agus neamhéifeachtach den chuid is mó san Aontas Eorpach, d'ainneoin an tábhacht chórasach atá le seirbhísí mar sin. Níl an creat comhair riaracháin teoranta a leagtar amach sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil chun dul i ngleic le saincheisteanna trasteorann sách sonraithe agus ní úsáideann na Ballstáit go comhsheasmhach é.<br>**Ar an tríú dul síos,**, tá tús curtha ag na Ballstáit anois le rialáil a déanamh anois ar sheirbhísí digiteacha ar an leibhéal náisiúnta, rud a chuireann bacainní nua roimh an margadh inmheánach. Mar gheall air seo, bíonn buntáiste iomaíoch ag ardáin agus ag seirbhísí digiteacha bunaithe atá an-mhór. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é an cuspóir ginearálta deimhin a dhéanamh de go bhfeidhmíonn an margadh aonair i gceart, go háirithe i dtaca le seirbhísí idirghabhálaí ar líne a sholáthar ar bhonn trasteorann. Tá sé mar aidhm ag na cuspóirí sonracha (i) timpeallacht shábháilte ar líne a choinneáil ar bun, (ii) feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh seirbhísí digiteacha nuálacha ar bhonn trasteorann, (iii) úsáideoirí a chumhachtú agus a gcearta bunúsacha a chosaint ar líne, agus (iv) maoirseacht éifeachtach ar sheirbhísí digiteacha agus comhar idir údaráis a bhunú. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Is iondúil gur rud trasnáisiúnta a bhíonn i gceist leis an bhfáil ar bhíonn ar ábhar agus ar sheirbhísí ar an idirlíon. Cuireann rialáil chomhthreomhar agus dhifriúil a dhéanann na Ballstáit aonair isteach ar sholáthar seirbhísí idirghabhálaí ar fud an Aontais agus níl sé éifeachtach maidir le sábháilteacht agus cosaint gach saoránach Eorpach a áirithiú. Laghdódh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh an ilroinnt dhlíthiúil agus costais chomhlíontachta, chuirfeadh sé feabhas ar an deimhneacht dhlíthiúil, d'áiritheodh sé cosaint chomhionann do shaoránaigh agus cothroime iomaíochta do ghnólachtaí, láidreodh sé sláine an mhargaidh aonair, agus chuirfeadh sé ar chumas maoirseacht éifeachtach a dhéanamh thar theorainneacha. Ní féidir le Ballstát ar bith dul i ngleic leis na saincheisteanna seo as féin. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach?** |
| Rinneadh measúnú mionsonraithe ar thrí rogha, mar aon leis an gcás bunlíne:<br>**1. Bearta teoranta in aghaidh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha**, lena leagfaí síos oibleagáidí nós imeachta d'ardáin ar líne le dul i ngleic le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, d'fhonn cearta bunúsacha úsáideoirí a chosaint agus trédhearcacht a áirithiú. Sásraí comhair breisithe d'údaráis chun saincheisteanna trasteorann a réiteach trí theach imréitigh digiteach.<br>**2. Bearta comhchuibhithe go hiomlán** chun gníomhaíochtaí ó sholáthraithe seirbhíse a dhreasú, chun trédhearcacht a fheabhsú agus dul i ngleic le sraith níos leithne de rioscaí atá ag teacht chun cinn trí úsáideoirí a chumhachtú. Sásraí forfheidhmithe agus comhair arna n-atreisiú ag coinníollacha comhchuibhithe i gcomhair orduithe riaracháin agus comhordaitheoir lárnach a cheapadh i ngach Ballstát. |

| |
|---|
| **3. Bearta neamhshiméadracha le hoibleagáidí níos láidre d'ardáin ar líne atá an-mhór**, tuilleadh soiléirithe ar an gcóras dliteanais i gcomhair idirghabhálaithe ar líne agus ar rialachas an Aontais le formhaoirseacht agus forfheidhmiú atreisithe. Is é seo an rogha thosaíochta. |
| **Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Léirítear i gcomhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara go bhfuil comhthoil leathan ann do ghníomh ón Aontas Eorpach, go háirithe trí chreat neartaithe ar fud an Aontais, fad is a chaomhnaítear na bunphrionsabail a leagtar amach sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil. Tá tacaíocht leathan tríd is tríd ó idirghabhálaithe ar líne, ó ghnólachtaí agus ón tsochaí shibhialta na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt agus um ghníomh a dhéanamh a chomhchuibhiú ar fud an Aontais. Éilíonn idirghabhálaithe ar líne creat soiléir chun bearta deonacha a ghlacadh de mheon macánta in aghaidh ábhar neamhdhleathach le deimhneacht dhlíthiúil. Tacaíonn gnólachtaí agus an tsochaí shibhialta go forleathan freisin le bearta trédhearcachta, agus an dream deiridh sin ag díriú freisin ar algartaim déanta moltaí. Tá rialacha neamhshiméadracha á n-éileamh ag roinnt eagraíochtaí gnó agus gnólachtaí nuathionscanta. Tá comhar feabhsaithe idir údaráis sna Ballstáit, agus an tábhacht a bhaineann le comhroinnt sonraí leis na húdaráis phoiblí ríthábhachtach do na Ballstáit. Tá formhaoirseacht ar leibhéal an Aontais á héileamh ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chomh maith le roinnt gnólachtaí agus údaráis náisiúnta. Tacaítear i dtrí dhréacht-tuarascáil féintionscnaimh ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha – ach iad a ghlacadh le chéile – le rogha cosúil leis an rogha thosaíochta sa tuarascáil ar an Measúnú Tionchair. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| Is féidir a bheith ag súil le héifeacht dhearfach ar an margadh aonair agus ar an iomaíocht, rud a meastar go mbeidh méadú 1-1.8% i dtrádáil dhigiteach trasteorann mar gheall air. Áiritheoidh rialacha neamhshiméadracha go dtreisítear iomaitheoirí níos lú atá ag teacht chun cinn, rud a chuideoidh leis an iomaíochas, an nuálaíocht, agus infheistíocht i seirbhísí digiteacha, fad is a dhíreofar ar ábhair díobhála sonracha atá ag teacht chun cinn trí ardáin mhóra. Feabhsófar an trédhearcacht agus an tsábháilteacht ar líne, chomh maith leis an gcosaint do chearta bunúsacha. Fágfaidh an comhar breisithe idir na Ballstáit agus an rialachas ar leibhéal an Aontais go gcuirfear feabhas ar an bhforfheidhmiú, agus soláthrófar córas maoirseachta cothrom le dáta le haghaidh seirbhísí digiteacha. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Tá na costais dhíreacha i gcomhréir le méid agus fairsinge rochtana an tsoláthraí seirbhíse. Thabhódh seirbhísí costais imeallacha freisin i dtaca le dearadh teicniúil agus costais chothabhála. Laghdóidh na costais a bhaineann le ceanglais faisnéise i gcomparáid leis an gcás bunlíne. Bheadh na costais ba shuntasaí teoranta d'ardáin ar líne atá an-mhór. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Cabhróidh rialacha atá tugtha cothrom le dáta agus rialacha aonfhoirmeacha le FBManna oibriú ar fud an Mhargaidh Aonair, ag cuidiú le cuideachtaí atá i mbun fáis agus le nuálaithe. Léirítear coigiltis chostais sa Mheasúnú Tionchair freisin do FBManna a d'fhéadfadh a bheith faoi cheangal déileáil le hábhar neamhdhleathach. Ní bheadh micrifhiontair agus fiontair bheaga cumhdaithe, áfach, ag na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar ardáin ar líne agus bheadh siad díolmhaithe freisin ó oibleagáidí maidir le tuairisciú fairsing. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Measaimid go mbeadh laghdú suntasach ar na costais a chruthaítear de bharr na neamhéifeachtúlachtaí sa chóras reatha maidir le comhar idir na húdaráis. Is ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a d'íocfaí costais bhreise éagsúla an tsásra comhair bhreisithe. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |

Baineann croíthionchar na rogha tosaíochta le cearta agus leasa tomhaltóirí agus gnólachtaí a choimirciú agus cosaint a thabhairt do chearta bunúsacha ar líne.

**Comhréireacht?**

Chomhlíonfadh an rogha thosaíochta cuspóirí an tionscnaimh gan dul thar an méid atá riachtanach chun na fadhbanna sainaitheanta a réiteach. Ní féidir a áirithiú le cur chuige ilroinnte ar fud na mBallstát go mbeidh leibhéal iomchuí cosanta ag saoránaigh ar fud an Aontais, agus is go neamhsheasmhach a dhéanfaí an mhaoirseacht ar sheirbhísí fós.

**D. Iarobair**

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Tá bunú córais chun sonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh orthu ann féin ar cheann de na croíthionchair a shaothraítear sa rogha thosaíochta. Áirítear air sin an cumas breisithe chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an chomhair ar fud údaráis na mBallstát agus cuntas a thabhairt maidir leis sin, agus maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí digiteacha, araon.

Ba cheart go ndéanfaí an t-athbhreithniú laistigh de 5 bliana ón teacht i bhfeidhm, ach bheadh tuarascálacha tráthrialta mar chuid de dhearadh an chórais maoirseachta féin.